2026/2177

29.9.2026

CINNEADH (AE) 2026/2177 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún [1],

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71 [2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh María del Mar VAQUERO PERIANEZ a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na Spáinne, ar bhonn sainordú náisiúnta éagsúil, María del Mar VAQUERO PERIANEZ, arb ionadaí do chomhlacht réigiúnach í atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, eadhon *Vicepresidenta y Consejera de Presidencia, Justicia y Cultura del Gobierno de Aragón* í (Leas-Uachtarán agus Aire Réigiúnach Uachtaránacht, Dlí agus Cirt agus Cultúir Rialtas Aragón), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar María del Mar VAQUERO PERIANEZ, arb ionadaí do chomhlacht réigiúnach í atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, eadhon *Vicepresidenta y Consejera de Presidencia, Justicia y Cultura del Gobierno de Aragón* í (Leas-Uachtarán agus Aire Réigiúnach Uachtaránacht, Dlí agus Cirt agus Cultúir Rialtas Aragón), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún, ar bhonn sainordú náisiúnta éagsúil, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE